2026/1849

23.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1849 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) I Rún ES-11/7 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a glacadh an 24 Feabhra 2025, mheabhraigh sé gur gá na rúin ábhartha uaidh a glacadh mar fhreagairt ar an bhfogha faoin Úcráin a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe a éileamh go ndéanfadh Cónaidhm na Rúise a fórsaí míleata uile a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus a éileamh go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise deireadh láithreach leis an gcogaíocht i gcoinne na hÚcráine, go háirithe aon ionsaí ar shibhialtaigh agus ar réada sibhialtacha.

(4) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm, agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin.

(5) I bhfianaise an fhogha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, go háirithe an feachtas míleata brúidiúil a bhí ann le déanaí lena ndírítear d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear saoráidí fuinnimh, uisce agus sláinte, arb é is cúis le fulaingt thromchúiseach an phobail shibhialta agus a fhéachann leis an mbonn a bhaint d'athléimneacht na hÚcráine, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(6) Go háirithe, is iomchuí maoluithe a leasú chun a áirithiú go leanfar d'earraí agus seirbhísí a sholáthar, ar earraí agus seirbhísí iad is gá chun an bonneagar idirlín sa Rúis a choinneáil ar bun don phobal i gcoitinne.

(7) Tá údar maith le 51 eintiteas a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES. Tá na heintitis sin mar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, nó tá naisc tráchtála nó naisc eile acu le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise nó le hearnáil cosanta agus slándála na Rúise nó tacaíonn siad leo ar bhealach eile. Forchuirtear ar na heintitis sin srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, agus maidir le hearraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Is iomchuí eintitis i dtríú tíortha seachas an Rúis a rannchuidíonn go hindíreach le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, rud a fhágann gur féidir teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais nó a chuireann bac ar a gcuspóir, lena n-áirítear bearta sriantacha an Aontais maidir le micrileictreonaic, meaisín-uirlisí faoi ríomhrialú uimhriúil agus trealamh le haghaidh próiseáil leathsheoltóirí.

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

(8) Is iomchuí liosta na n-ítimí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó lena hearnáil cosanta agus slándála a fhorbairt, trí ítimí a liostú atá úsáidte ag an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin, mar aon le hítimí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear púdair nicile, miotal nicile agus cóimhiotail nicile a úsáidtear i mbratú frithchreimneach i scairdinnill; púdair beirilliam a úsáidtear i dtiomántáin agus i gcóimhiotail ardfheidhmíochta; scannáin, téipeanna agus stiallacha féinghreamaitheacha a úsáidtear in earnálacha an aeraspáis agus na cosanta; ítimí eitlíochta a bhaineann go sonrach le haerárthaí gan foireann amhail trealamh tacaíochta ar talamh; córais trasnaíochta/idircheaptha córais lainseála agus seirbheamhótair; agus córais foirceanta eitilte le haghaidh aerárthaí gan foireann nó le haghaidh diúracán.

(9) Is iomchuí freisin tuilleadh srianta a thabhairt isteach ar allmhairí earraí lena ngintear ioncam mór don Rúis, rud a fhágann gur féidir leanúint de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear srianta ar mhianta copair, mianta nicile, mianta luaidhe, mianta miotail lómhara, sinc neamhshaoirsithe, miotail cré-alcaileacha, ceimiceáin neamhorgánacha áirithe (ocsaídí since agus ocsaídí cróimiam), tallola, earraí gloine agus páirteanna gluaisteáin.

(10) Is iomchuí dhá mhaolú a thabhairt isteach chun a chur ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta lastais ola Rúiseacha a ghabhann siad agus a choigistíonn siad a dhiúscairt go sábháilte. Chuige sin, tugtar isteach dhá mhaolú chun oibríochtaí ábhartha, amhail allmhairiú, aistriú, stóráil, bainistiú agus díol, a chumasú.

(11) Is iomchuí an fhéidearthacht a thabhairt isteach do na húdaráis inniúla údarú a thabhairt d'allmhaireoirí, de bhun coinníollacha dochta, gan fianaise a sholáthar ar thír thionscnaimh na hamhola a mhéid a bhaineann le soláthar táirgí peitriliam a fhaightear i dtríú tír do na réigiúin is forimeallaí agus do thíortha agus críocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas, gan cruthúnas tionscnaimh a éileamh, i bhfianaise shaintréithe geografacha sonracha na gcríoch sin agus a srianta soláthair.

(12) Is iomchuí síneadh a chur le fad na díolúine ón gcaidhp phraghais ar ola lena gceadaítear, i bhfianaise ábhair imní maidir leis an tslándáil fuinnimh, amhola de thionscnamh Thionscadal Sakhalin-2 sa Rúis a iompar ar shoitheach chuig an tSeapáin.

(13) Tá údar maith leis an leasú ar an gcaidhp phraghais ar amhola a chur ar fionraí. Foráladh le Cinneadh (CBES) 2025/1495 ón gComhairle ([2]) maidir le nós imeachta chun an chaidhp phraghais ar amhola na Rúise a mhodhnú ag brath ar mheánphraghas margaidh amhola na Rúise. Mar a léirítear sa Chinneadh sin, tá sé beartaithe leis an nós imeachta sin a áirithiú go mbeidh an chaidhp phraghais ar amhola íseal go leor i gcónaí chun ioncam na Rúise ó onnmhairí ola a laghdú, agus luaineacht praghsanna roimhe sin á cur san áireamh. I bhfianaise na suaití eisceachtúla sna margaí le haghaidh táirgí amhola agus peitriliam le déanaí, agus chun a áirithiú go leanfar d'éifeacht na caidhpe praghais ar amhola maidir lena cuspóirí a bhaint amach, is iomchuí an leasú ar an gcaidhp phraghais sin a chur ar fionraí. An tráth céanna, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú eatramhach ar an bhfionraí sin chun a áirithiú go leanfaidh an sásra de bheith riachtanach agus comhréireach agus forbairtí sa mhargadh agus á gcur san áireamh. Ba cheart go bhféadfadh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh an chaidhp phraghais a leasú tar éis an athbhreithnithe eatramhaigh sin. Mura ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh, fanfaidh an chaidhp phraghais is infheidhme i bhfeidhm. Ón 15 Iúil 2027 ar aghaidh, leanfar den nós imeachta bunaidh a chur i bhfeidhm chun an chaidhp phraghais a leasú, agus fógra ón gCoimisiún á fhoilsiú ar an dáta sin leis an gcaidhp phraghais nua agus leis an leasú ar Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ([3]) i gcomhréir le h Airteagal 4p(12) de Chinneadh 2014/512/CFSP agus le hAirteagal 3n(11) agus Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1495 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/1495, 19.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1495/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).

(14) Is iomchuí díolúine a thabhairt isteach ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a aistriú agus a sholáthar, más cúnamh, seirbhísí nó maoiniú iad a bhaineann le gás nádúrtha leachtaithe (GNL) de thionscnamh na Rúise nó GNL a onnmhairítear ón Rúis a aistriú chuig tríú tíortha. Is é is aidhm don díolúine sin iarmhairtí díobhálacha ar sholáthar fuinnimh tíortha comhpháirtíochta áirithe a mhaolú.

(15) Le Cinneadh (CBES) 2025/20321 ón gComhairle ([4]), leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES chun toirmeasc a thabhairt isteach ar ghás nádúrtha leachtaithe (GNL) de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach. Tá feidhm ag an toirmeasc sin maidir le ceannacháin agus aistrithe isteach san Aontas agus chuig tríú tíortha.

(16) Is iomchuí díolúine shealadach maidir leis an aistriú nó an ceannach a thabhairt isteach a bhaineann leis an aistriú GNL sin de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, i gcás ina bhfuil an t-aistriú nó an ceannach sin a bhaineann leis an aistriú sin ceaptha do thríú tíortha. Chun a áirithiú nach mbainfidh an díolúine shealadach an bonn de chuspóirí bhearta sriantacha an Aontais, ba cheart riail a leagan síos go sainráite san fhoráil sin nach mó acmhainneacht fhoriomlán GNL na Rúise a aistríonn oibreoirí an Aontais chuig tríú tíortha faoin díolúine shealadach ná méid bliantúil GNL de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis in 2025, agus ar an gcaoi sin aon mhéadú ar an ioncam onnmhairiúcháin a fhaigheann an Rúis ó na haistrithe sin a sheachaint. Chun a áirithiú go leanfaidh an díolúine shealadach de bheith ag freastal ar chuspóirí bheart sriantach an Aontais, agus forbairtí a dhéanann difear d'oibreoirí an Aontais á gcur san áireamh, ba cheart don Choimisiún measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar na bearta agus a mheasúnú a chur faoi bhráid na Comhairle. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, ba cheart don Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na díolúine sealadaí agus, i gcás inarb iomchuí, a bheith in ann cinneadh a dhéanamh í a ghiorrú, síneadh a chur léi nó í a fhoirceannadh.

(17) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus deireadh ordúil de réir a chéile leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le Cinneadh 2014/512/CBES a áirithiú, is iomchuí a shoiléiriú nár cheart feidhm a bheith ag an díolúine shealadach a bhaineann le ceannacháin agus aistrithe GNL atá ceaptha do thríú tíortha ach amháin i gcás ina mbaineann ceannachán le haistriú arna dhéanamh ag oibreoir de chuid an Aontais. Ba cheart an t-aistriú sin a dhéanamh ar bhonn conradh fadtéarmach chun GNL a sholáthar, cé is moite de dhíorthaigh gáis nádúrtha, ar faide a ré ná aon bhliain amháin, a tugadh i gcrích roimh an 24 Feabhra 2022 agus nár leasaíodh i ndiaidh an dáta sin seachas chun na gcríoch teoranta a cheadaítear faoi Chinneadh 2014/512/CBES. Ina theannta sin, ba cheart an ceannach a bhaineann leis an aistriú sin a dhéanamh faoi chonradh fadtéarmach is faide ná aon bhliain amháin, a tugadh i gcrích roimh an 24 Feabhra 2022 agus nár leasaíodh i ndiaidh an dáta sin seachas chun na gcríoch teoranta céanna sin. Go ginearálta, ní mór na gnéithe uile is gá do bhailíocht an chonartha agus d'fhorghníomhú idirbhirt a bheith i gconradh fadtéarmach mar sin, amhail léiriú ar na páirtithe, praghas, cainníochtaí, dátaí seachadta, pointe luchtaithe nó seachadta, módúlachtaí forghníomhaithe. Ní thagann conarthaí lena gceanglaítear comhaontú breise idir na páirtithe conarthacha maidir leis na gnéithe sin faoin díolúine shealadach, cé is moite de leasuithe maidir leis na críocha teoranta a cheadaítear go sainráite faoin gCinneadh seo, mar shampla maidir le nósanna imeachta oibríochtúla amhail cláir seachadta bhliantúla nó aon ghnáthchoigeartuithe oibríochtúla comhchosúla eile. Athruithe a dhéantar ar na gnéithe sin bunaithe ar chlásail chonarthacha aontaobhacha nach féidir leis an bpáirtí conarthach eile cur ina gcoinne, ní chuireann siad bac ar infheidhmeacht na díolúine sealadaí. Gach ceannachán eile nach bhfuil nasctha le haistriú sonrach arna dhéanamh ag oibreoirí de chuid an Aontais, ba cheart iad a thoirmeasc ón 1 Eanáir 2027. Ós rud é, ón dáta sin, nach féidir ceannacháin mar sin a dhéanamh go dleathach a thuilleadh mura rud é go bhfuil siad fós nasctha le haistrithe arna ndéanamh ag oibreoirí de chuid an Aontais a thagann faoi choinníollacha na díolúine sealadaí, is léir gur féidir an neamhfhéidearthacht feidhmíochta a eascraíonn as sin a agairt mar force majeure chun oibleagáidí conarthacha atá ann cheana a fhoirceannadh a mhéid nach féidir leanúint de na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ndáil le haistrithe arna ndéanamh ag oibreoirí de chuid an Aontais.

([4]) Cinneadh (CBES) 2025/2032 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/2032, 23.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2032/oj).

(18) A mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar sheirbhísí críochfoirt GNL a sholáthar, is iomchuí raon feidhme chur i bhfeidhm an toirmisc sin a bheachtú a thuilleadh.

(19) Tá ainmniúcháin a bhaineann go sonrach le soithí glactha ag an Aontas cheana féin chun srian a chur le hoibríochtaí na soithí ábhartha. D'fhéadfadh oibríochtaí den sórt sin a bheith ag brath ar shoithí tríú tír, seirbhísí amhail buncaeireacht, seirbhísí tugaí agus aistrithe ó long go long a sholáthar. Chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar seirbhísí den sórt sin agus chun a soláthar a dhíspreagadh, is iomchuí raon feidhme na gcritéar ainmniúcháin a leathnú chun na soithí a sholáthraíonn na seirbhísí sin a chuimsiú. Is iomchuí freisin ainmniúcháin bhreise soithí a thabhairt isteach.

(20) Faigheann an Rúis ioncam mhór ó dhíol ola. Is iomchuí toirmeasc a thabhairt isteach ar aon idirbheart le scaglanna sa Rúis agus i dtríú tíortha seachas an Rúis a úsáidtear chun amhola a phróiseáil nó a scagadh, nó chun táirgí peitriliam a phróiseáil nó a chumasc, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, nó táirgí mianracha a phróiseáil nó a chumasc, ar de thionscnamh na Rúise iad, nó le scaglanna a úsáidtear chun dul timpeall ar bhearta sriantacha. Áirítear le hidirbhearta den sórt sin rochtain ar shaoráidí na scaglann arna liostú agus soláthar aon seirbhíse. Is iomchuí scaglann amháin a shainaithint faoi na critéir liostaithe sin agus í a chur leis an Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2014/512.

(21) Is iomchuí raon feidhme an mhaolaithe a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le hidirbhearta i ndáil leis na píblínte gáis nádúrtha Nord Stream agus Nord Stream 2, a mhéid a bhaineann leis na píblínte sin a thabhairt chun críche, a oibriú, a chothabháil nó a úsáid.

(22) Tá bearta glactha ag an Aontas cheana féin chun srian a chur ar ioncam na Rúise a bhaineann le honnmhairí GNL. Braitheann onnmhairí den sórt sin ar infhaighteacht thancaeir GNL agus tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, srian a chur leis an bhféidearthacht go mbaileodh agus go n-úsáidfeadh an Rúis tancaeir GNL. Chuige sin, is iomchuí oibleagáid fógra a thabhairt maidir le díol thancaeir GNL agus an fhéidearthacht srianta nua a thabhairt isteach maidir le díol thancaeir GNL ionas nach rachaidh na tancaeir sin chun tairbhe do leasanna na Rúise.

(23) Tá bearta déanta ag an Aontas arís agus arís eile chun institiúidí airgeadais, institiúidí creidmheasa nó eintitis a mbíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó seirbhísí íocaíochta á soláthar acu a shainaithint, ar institiúidí nó eintitis iad a éascaíonn deis tarrthála airgeadais a chur ar fáil go leanúnach le haghaidh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bíodh sin trí nascadh le córas um aistriú teachtaireachtaí airgeadais Bhanc Ceannais Chónaidhm na Rúise nó trí dhul timpeall bhearta sriantacha an Aontais a chumasú, agus chun toirmeasc a chur ar aon idirbheart idir na hinstitiúidí nó na heintitis sin agus oibreoirí de chuid an Aontais. Is léir ón bhfianaise go bhfuil eintitis i dtríú tíortha ag cur ar a cumais don Rúis fós gníomhaíochtaí aindleathacha a dhéanamh. Dá bhrí sin, is iomchuí 4 eintiteas airgeadais agus 14 seirbhís cripteashócmhainní a liostú sna hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, d'fhonn toirmeasc a chur ar idirbhearta idir iadsan agus daoine atá lonnaithe san Aontas. Ina theannta sin, is iomchuí eintiteas amháin a bhaint d'Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES. Is iomchuí freisin cúig eintiteas a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí tríú tír a chuireann bac suntasach ar chuspóir na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagail 4o, 4p agus 4x de Chinneadh 2014/512/CBES.

(24) Tá údar maith leis an toirmeasc ar náisiúnaigh Rúiseacha nó ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis úinéireacht nó rialú a bheith acu ar dhaoine dhlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, nó aon phost a bheith acu i gcomhlachtaí rialaithe daoine dhlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí den sórt sin, a leathnú sa chaoi go mbeidh feidhm ag an toirmeasc maidir le haon eintiteas a bhfuil seirbhísí cripteashócmhainní á soláthar aige, mar a shainítear i Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(25) Chun rochtain ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus ardáin chripteashócmhainní a choinneáil ar bun toisc gur cuireadh toirmeasc le Cinneadh (CBES) 2026/508 ([6]) agus Rialachán (AE) 2026/506 ón gComhairle ([7]) ar theagmháil a dhéanamh le soláthraithe nó ardáin den sórt sin atá bunaithe sa Rúis, tá úsáid á baint ag bainc agus ag daoine eile sa Rúis, lena n-áirítear bainc liostaithe, as ardáin atá bunaithe i dtríú tíortha eile seachas an Rúis. Liostaíodh roinnt de na hardáin chripteashócmhainní sin faoi Chinneadh 2014/512/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar gheall ar chur isteach mór ar na gníomhartha sin nó mar gheall ar chur isteach mór ar Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([8]) agus ar Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([9]).

(26) Chun aghaidh a thabhairt ar an dul timpeall sin ar bhearta sriantacha an Aontais trí dhlínsí tríú tír, is iomchuí an fhéidearthacht a thabhairt isteach toirmeasc a chur ar idirbhearta le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí uile ar eintitis iad a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó ar ardáin iad lenar féidir cripteashócmhainní a mhalartú nó a aistriú agus atá bunaithe sna tríú tíortha a shonraítear san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES.

(27) I bhfianaise a phráinní atá an staid, tá údar maith le 33 institiúid creidmheasa nó airgeadais a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir toirmeasc ar idirbhearta. An toirmeasc ar idirbhearta, tá feidhm aige maidir le hinstitiúidí creidmheasa nó airgeadais áirithe de chuid na Rúise nó maidir le heintitis eile, lena n-áirítear na heintitis a shuibscríobhann le seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais, nó maidir le fochuideachtaí Rúiseacha d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais tríú tír atá ábhartha maidir le córas airgeadais agus baincéireachta na Rúise, go háirithe mar gur bainc réigiúnacha mhóra nó thábhachtacha iad, a éascaíonn, dá réir sin, cúrsaí airgeadas agus gnó réigiúnacha agus cónaidhme, nó mar gur bainc iad a éascaíonn íocaíochtaí trasteorann nó atá ábhartha maidir le fogha na Rúise faoin Úcráin, go háirithe mar gur bainc iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine trí oibriú i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, nó trí sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, nó mar gur bainc iad a thairgeann seirbhísí airgeadais do phearsanra míleata i bhfórsaí armtha na Rúise, nó bainc atá faoi réir bearta sriantacha cheana arna bhforchur ag an Aontas nó ag tíortha comhpháirtíochta.

(28) Is iomchuí maolú a thabhairt isteach chun cead a thabhairt d'údaráis inniúla náisiúnaigh de chuid Ballstát nó náisiúnaigh de chuid tíortha den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó náisiúnaigh de chuid na hEilvéise cistí a aistarraingt a atá ina seilbh acu in institiúidí creidmheasa agus airgeadais áirithe agus in eintitis áirithe a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó seirbhísí íocaíochta, atá faoi réir toirmeasc ar dhul i mbun aon idirbheart, chun a n-oibríochtaí, a gconarthaí nó a gcomhaontuithe eile, leis an institiúid nó leis an eintiteas ábhartha a fhoirceannadh. Áirítear ar shamplaí d'fhoirceannadh den sórt sin cás ina ndúnann an duine nádúrtha chuntais nó a cuntais nó ina n-aistarraingíonn sé nó sí na cistí uile nó a cistí uile atá ina sheilbh nó ina seilbh san eintiteas ábhartha agus nach mbunaíonn sé nó sí ná nach gcoinníonn sé nó sí ar bun aon chaidreamh conarthach leis an eintiteas ábhartha níos mó. Chun an riosca teacht timpeall a mhaolú, ba cheart cistí a aistriú chuig institiúidí creidmheasa nó airgeadais atá corpraithe faoi dhlí Ballstáit nó atá faoi úinéireacht nó faoi rialú institiúidí creidmheasa nó airgeadais atá corpraithe faoi dhlí Ballstáit. Tá an díolúine sin gan dochar don toirmeasc ar oibreoirí san Aontas a sholáthraíonn seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinní VIII, XVIII, agus XIX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES. Dá bhrí sin, níl an eisceacht sin le léirmhíniú mar eisceacht lena gcuirtear ar a chumas don údarás inniúil soláthar seirbhísí den sórt sin a údarú.

([5]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

([6]) Cinneadh (CBES) 2026/508 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2026/508, 23.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/508/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2026/506 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2026/506, 23.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/506/oj).

([8]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).

(29) Is iomchuí maolú a thabhairt isteach a bhfuil teorainn chúng leis ionas nach gceadófar idirbhearta a fhorghníomhú le heintiteas sonrach a liostaítear faoi iontráil uimhir 4 in Iarscríbhinn XLIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ach amháin más gá sin chun comaoin a íoc atá dlite d'institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas agus a dhéantar ar bhonn céadrogha ar dhíol arna comhaontú go conarthach agus arna feidhmiú go cuí roimh an 28 Feabhra 2022. Ní bhaintear an bonn leis an maolú sin de chuspóirí ginearálta Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus níl bonn cirt leis ach amháin mar gheall ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar iarmhairt dhíobhálach neamhbheartaithe d'oibreoir de chuid an Aontais. I gcomhréir leis an seasamh ón Aontas, níor cheart go n-údarófaí leis an maolú sin soláthar sainseirbhíse teachtaireachtaí airgeadais, ar cheart di a bheith toirmiscthe i gcónaí in imthosca ar bith.

(30) Tá bearta sriantacha glactha ag tríú tíortha atá comhchosúil leis na bearta sin a bhaineann le taisteal taidhleoirí agus oifigeach consalach Rúiseach tríd an Aontas, agus le taisteal bhaill na foirne riaracháin, teicniúla nó seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise, nó a mbaill teaghlaigh. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an gcomhroinnt faisnéise leis na tríú tíortha sin maidir le sáruithe féideartha ar na bearta sriantacha ábhartha.

(31) Is iomchuí eisceacht spriocdhírithe a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar sheirbhísí a bhaineann go díreach leis an turasóireacht sa Rúis a sholáthar.

(32) Is iomchuí maolú spriocdhírithe a thabhairt isteach le haghaidh institiúidí taighde sonracha ar an toirmeasc atá ann cheana ar ghlacadh le maoiniú, tabhartais nó aon tairbhe eacnamaíoch nó tacaíocht eile ón Rúis, bíodh sin go díreach nó go hindíreach, chun na hoibleagáidí atá ann cheana a chumhdach, mar shampla maidir leis na hinstitiúidí taighde lena mbaineann a oibriú, a chothabháil, a nuachóiriú nó a thógáil.

(33) Tá impleachtaí forleathana ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cogadh atá gan chúis gan údar, lena n-áirítear géarú ar na rioscaí agus na bagairtí atá le sárú ag an Aontas ar luachanna, leasanna bunúsacha, slándáil agus ord poiblí an Aontais. Is iomaí comhraiceoir a ghlac páirt i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bídís ag fónamh i bhFórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise nó i ngrúpaí paraimíleata cleamhnaithe, atá ag filleadh ón líne thosaigh ar an Rúis nó ag athlonnú go tríú tíortha. Is comhraiceoirí a ciontaíodh roimhe seo cuid mhór acu sin, a earcaíodh ó phríosúin sa Rúis agus a cuireadh go dtí an líne thosaigh. Rinneadh na comhraiceoirí sin a radacú le hoirbhearta Rúiseacha, chonaic na hainghníomhartha a rinneadh i gcoinne mhuintir na hÚcráine nó ghlac siad páirt i gcoireanna cogaidh iad féin. Leis an gcúlra sin agus an síolteagasc a fuair na daoine sin, tá riosca ginearálta coireachta foréigní ag baint leo. Má cheadaítear dóibh taisteal nó athlonnú chun na hEorpa, d'fhéadfadh baint a bheith acu leis an gcoireachta eagraithe nó le gluaiseachtaí antoisceacha nó d'fhéadfaidís a bheith ina ngníomhairí d'oibríochtaí naimhdeacha. I bhfianaise straitéisí cogaíochta hibridí níos leithne na Rúise, d'fhéadfaí na daoine aonair sin a úsáid mar chosantóirí reitric na Rúise maidir lena cogadh foghach ar an Úcráin nó d'fhéadfadh baint a bheith acu le bréagaisnéis a scaipeadh faoi na cúiseanna leis an ionradh iomlán agus faoi iompar na Rúise sa chogadh araon. Dá bhrí sin, is bagairt ar luachanna an Aontais na daoine sin a bheith i láthair ann, agus ar a leasanna bunúsacha, ar a shlándáil, agus ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach nó ar ab gcaidreamh idirnáisiúnta, bíodh sé sin i gcás Ballstát amháin nó níos mó nó i gcás an Aontais ina iomláine. I gcomhthéacs chogadh foghach leanúnach na Rúise, an ghéaraithe leanúnaigh atá á dhéanamh aici agus na gCinntí gaolmhara ón gComhairle atá glactha ón 24 Feabhra 2022 lena dtugtar isteach bearta chun an caidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Rúis a laghdú, is iomchuí oibleagáid a fhorchur ar na Ballstáit eisiúint víosaí ghearrfhanachta a dhiúltú do dhaoine aonair atá ag déanamh seirbhíse, nó a rinne seirbhís, ó bhí an 24 Feabhra 2022 ann, ar dualgas gníomhach i bhFórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, nó in aon ghrúpa armtha paraimíleata, míleata-chleamhnaithe nó neamhrialta a bhaineann le rialtas na Rúise, atá á rialú aici nó atá ag gníomhú faoina stiúir, d'fhonn rannchuidiú leis an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleacht a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú. Chun comhréireacht an choisc spriocdhírithe a áirithiú agus chun a áirithiú go ndéantar cinntí ar bhonn iompar aonair, is iomchuí nár cheart an cosc sin a chur i bhfeidhm ach amháin maidir leo siúd a rannchuidigh go díreach le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin trí oibríochtaí comhraic. Chun é a éascú d'údaráis chonsalacha an cosc sin a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is iomchuí a chur i bhfeidhm a chur siar go dtí go ndéanfar Cinneadh ón gComhairle a luaithe a dhéanfar na gníomhartha is gá chun é a chur chun feidhme. I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe leis an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh mar a aithnítear in Airteagal 7 di, níor cheart feidhm a bheith ag an gcosc sin i gcásanna a measann an Ballstát gur gá teacht isteach ina chríocha nó idirthuras trína chríocha chun críoch daonnúil nó ar chúiseanna leasa náisiúnta, nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta, agus níor cheart feidhm a bheith aige maidir le hiarratasóirí ar easaontóirí iad nó ar daoine iad a thug cúl le Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise nó le haon ghrúpa armtha paraimíleatach, míleata-chleamhnaithe nó neamhrialta a bhaineann le rialtas na Rúise, atá á rialú aici nó atá ag gníomhú faoina stiúir. Sna cásanna sin, ba cheart víosa a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige a eisiúint.

(34) Le reachtaíocht agus cleachtas cúirte na Rúise, cuirtear ar a gcumas do dhaoine éileamh a thaisceadh os comhair cúirteanna áirithe de chuid na Rúise, agus dearbhaíonn na cúirteanna sin dlínse ar dhíospóidí agus tugann siad breithiúnais lena gcáintear cuideachtaí de chuid an Aontais i ndáil le conarthaí nó idirbhearta a ndéanann bearta sriantacha an Aontais difear dóibh. Dá réir sin, maidir le daoine, eintitis nó comhlachtaí Rúiseacha, nó daoine, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine amháin de na daoine sin nó ceann de na heintitis nó na comhlachtaí Rúiseacha sin, nó atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú, féachann siad nó d'fhéadfadh sé go bhféachfaidís leis na himeachtaí dlíthiúla sin a thionscnamh agus a shaothrú i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Chinntí 2014/145/CBES agus 2014/512/CBES agus Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014 agus (AE) Uimh. 833/2014, nó féachann siad nó d'fhéadfadh sé go bhféachfaidís, le haitheantas a fháil ar bhreithiúnais a deonaíodh trí na himeachtaí dlíthiúla sin, nó le forfheidhmiú na mbreithiúnas sin a fháil. Chun éifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais a chaomhnú, ní mór don Aontas gníomhaíochtaí a dhéanamh chun éifeacht an chleachtais sin a mhaolú, trí cheanglas a chur ar na Ballstáit gan aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ná cinneadh cúirte nó riaracháin eile arna thabhairt ag cúirt nó údarás Rúiseach i ndáil le haon chonradh nó idirbheart a bhfuil difear á dhéanamh dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, ag na bearta a fhorchuirtear faoi Chinntí 2014/145/CBES agus 2014/512/CBES agus faoi Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014 agus (AE) Uimh. 833/2014, a aithint nó a fhorfheidhmiú.

(35) Is iomchuí síneadh a chur leis na spriocdhátaí is infheidhme maidir le maoluithe áirithe atá ag teastáil chun dífheistiú ón Rúis. Ba cheart d'oibreoirí a bheith ar an eolas gur tír í an Rúis nach gcuirtear an smacht reachta i bhfeidhm inti a thuilleadh, agus gur ghlac Cónaidhm na Rúise roinnt píosaí reachtaíochta lena ndírítear ar shócmhainní de chuid cuideachtaí ó 'tíortha míchairdiúla' mar a thugtar orthu, lena n-áirítear na Ballstáit. Mar thoradh ar an staid sin, tá bagairt leanúnach ann go mbeidh sócmhainní de chuid an Aontais sáinnithe sa Rúis gan an deis iad a tharraingt siar go hordúil. I bhfianaise an mhéid sin, moltar go láidir do ghnóthais san Aontas aon bheart is féidir a dhéanamh chun gnólachtaí sa Rúis a fhoirceannadh agus gan gnólachtaí nua a thionscnamh inti. Ar an drochuair, mar gheall ar reachtaíocht nua, breithiúnais chúirte nua agus cleachtais nua sa Rúis, tá sé níos deacra fós d'oibreoirí an Aontais tarraingt siar ordúil a dhéanamh ó mhargadh na Rúise. Dá bhrí sin is iomchuí síneadh a chur leis na maoluithe ar dhífheistiú chun go mbeidh gnóthais de chuid an Aontais in ann imeacht as margadh na Rúise a luaithe is féidir. Deonaíonn na Ballstáit na maoluithe sínithe sin ar bhonn cás ar chás agus is é is sprioc dóibh próiseas ordúil a chumasú ó thaobh dífheistiú de, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan síneadh a chur leis na sprioc-amanna sin.

(36) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(37) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1aa mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a bhfuil géarghá leo chun comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022 a fhoirceannadh faoin 31 Nollaig 2027, lena mbaineann duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3a:

'(3a) De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo chun go ndéanfaidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó a bhfochuideachtaí san Aontas dífheistiú nó aistarraingt, faoin 31 Nollaig 2027, ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas.';

(2) in Airteagal 1ad, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘8. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo chun cistí a aistarraingt nó chun cuntais a dhúnadh atá faoi úinéireacht nó i seilbh náisiúnaigh de chuid Ballstáit, de chuid tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó de chuid na hEilvéise, nó i seilbh daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan i mBallstát, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis, i seilbh daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an gCinneadh seo agus a áiríodh san Iarscríbhinn sin an 24 Iúil 2026 nó dá éis, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis an idirbheart chun gur féidir leis an duine nádúrtha sin oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a fhoirceannadh;

(b) go ndéantar an t-údarú a iarraidh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta cur i bhfeidhm a léirítear in Iarscríbhinn XVIII don duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ábhartha a liostaítear ann;

(c) go bhfuil na cistí aistrithe chuig institiúid airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit,, nó chuig institiúid airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe faoi dhlí tríú tír atá faoi úinéireacht nó faoi rialú institiúide airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

Deonófar aon údarú faoin mír seo ar feadh uastréimhse bailíochta 3 mhí.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo, laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

9. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit forghníomhú idirbheart leis an eintiteas a liostaítear faoi iontráil uimhir 4 in Iarscríbhinn XLIV a údarú, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh gur gá an t-idirbheart sin a fhorghníomhú chun comaoin a íoc atá dlite d’institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas arna dhéanamh ar bhonn ceart céadrogha ar dhíol arna chomhaontú go conarthach agus arna fheidhmiú go cuí roimh an 28 Feabhra 2022.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo, laistigh de 2 sheachtain ó thugtar an t-údarú.’;

(3) in Airteagal 1ae, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo chun cistí a aistarraingt nó chun cuntais a dhúnadh atá faoi úinéireacht nó i seilbh náisiúnaigh de chuid Ballstáit, de chuid tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó de chuid na hEilvéise, nó chuig daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan i mBallstát, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis, i seilbh daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XIX agus a áiríodh san Iarscríbhinn sin an 24 Iúil 2026 nó dá éis, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla sin a bheith iomchuí agus tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis an idirbheart chun gur féidir leis an duine nádúrtha sin oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlachta liostaítear in Iarscríbhinn XIX a fhoirceannadh;

(b) go ndéantar an t-údarú a iarraidh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta cur i bhfeidhm a léirítear in Iarscríbhinn XIX don duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ábhartha a liostaítear ann;

(c) go bhfuil na cistí aistrithe chuig institiúid airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, nó, chuig institiúid airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe faoi dhlí tríú tír atá faoi úinéireacht nó faoi rialú institiúide airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

Deonófar aon údarú faoin mír seo ar feadh uastréimhse bailíochta 3 mhí.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo, laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(4) in Airteagal 1af, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘2a. Toirmiscfear gabháil d’aon idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le scaglanna a liostaítear i gCuid D d’Iarscríbhinn XXI. Áireofar i gCuid D d’Iarscríbhinn XXI scaglanna sa Rúis agus i dtríú tíortha seachas an Rúis, ar scaglanna iad a úsáidtear:

(a) chun amhola a phróiseáil nó a scagadh nó chun táirgí peitriliam a phróiseáil nó a chumasc, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, nó táirgí mianracha, ar de thionscnamh na Rúise iad; nó

(b) ar bhealach ina n-éascaítear nó ina ndéantar forálacha an Chinnidh seo, Chinntí 2014/145/CBES, 2014/386/CBES, nó (CBES) 2022/266 ón gComhairle nó forálacha Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, (AE) Uimh. 692/2014, (AE) Uimh. 833/2014 nó (AE) 2022/263 a shárú nó ina dtagtar timpeall orthu nó ina gcuirtear go mór ó rath iad.

2b. Beidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear i mír 2a maidir le hiontráil uimhir 1 i gCuid D d'Iarscríbhinn XXI ón 25 Eanáir 2027. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle, faoin 25 Deireadh Fómhair 2026, a mheasúnú i dtaobh ar cheart an liostú dá dtagraítear in iontráil uimhir 1 i gCuid D d'Iarscríbhinn XLVII a choinneáil ar bun.';

(5) in Airteagal 1ag, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi choinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo:';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1b(2a):

'2a. Beidh toirmeasc, ón 18 Eanáir 2024, ar chead a thabhairt do náisiúnaigh Rúiseacha nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis úinéireacht nó rialú a bheith acu, go díreach nó go hindíreach, ar aon phost i gcomhlachtaí rialaithe duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, agus a sholáthraíonn seirbhísí tiachóige cripteashócmhainní, seirbhísí cuntais agus seirbhísí cumhdaigh. Ón 25 Lúnasa 2026, beidh feidhm ag an toirmeasc sin freisin maidir le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a sholáthraíonn aon seirbhísí cripteashócmhainní eile, mar a shainítear i Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).';

(7) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'Airteagal 1bc

1. Beidh toirmeasc ar ghabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó ar ardán é lena gcumasaítear cripteashócmhainní a mhalartú nó a aistriú agus atá bunaithe i dtríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn XXX.

2. Ní áireofar in Iarscríbhinn XXX ach tríú tíortha a bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle gur mhainnigh siad go córasach agus go leanúnach cosc a chur ar sholáthar seirbhísí cripteashócmhainní, nó cosc a chur ar ardáin cripteashócmhainní a mhalartú nó a aistriú chuig daoine nádúrtha, agus forálacha an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES, nó ar fhorálacha Rialacháin (AE) 269/2014 agus (AE) 833/2014 á gcur ó rath.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hidirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de Bhallstát a bhfuil cónaí orthu sa tír a liostaítear in Iarscríbhinn XXX agus a raibh cónaí orthu inti roimh an dáta ábhartha a shonraítear san Iarscríbhinn sin.';

(8) in Airteagal 1e, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo chun cistí a aistarraingt nó chun cuntais a dhúnadh atá faoi úinéireacht nó i seilbh náisiúnaigh de chuid Ballstáit, de chuid tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó de chuid na hEilvéise, nó i seilbh daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan i mBallstát, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis, atá i seilbh daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn VIII agus a áiríodh san Iarscríbhinn sin an 24 Iúil 2026 nó dá éis, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla sin a bheith iomchuí agus tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis an idirbheart chun gur féidir leis an duine nádúrtha sin oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a fhoirceannadh;

(b) go ndéantar an t-údarú a iarraidh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta cur i bhfeidhm a léirítear in Iarscríbhinn VIII don duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ábhartha a liostaítear ann;

(c) go bhfuil na cistí aistrithe chuig institiúid airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, nó, chuig institiúid airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe faoi dhlí tríú tír atá faoi úinéireacht nó faoi rialú institiúide airgeadais nó creidmheasa atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

Deonófar aon údarú faoin mír seo ar feadh uastréimhse bailíochta 3 mhí.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír 3, laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(9) in Airteagal 1k, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir le córas áirithinte ar ríomhairí a sholáthar mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 80/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), nó aon Rialachán comhleanúnach a chuirfear ina ionad.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 80/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le Cód Iompraíochta i dtaca le córais áirithinte ar ríomhairí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2299/89 ón gComhairle (IO L 35, 4.2.2009, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/80/oj).’;

(10) leasaítear Airteagal 1p mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi choinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, a údarú go nglacfaí le deonacháin, sochair eacnamaíocha nó tacaíocht, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais, ón tSaoráid Eorpach le haghaidh Léasar Saorleictreon X-Ghathanna (EuXFEL), ón tSaoráid um Thaighde Frithphrótóin agus Ian-Taighde san Eoraip (FAIR) agus ón tSaoráid Eorpach um Radaíocht Sioncratóin (ESRF), ar choinníoll go mbeidh na deonacháin, na tairbhí eacnamaíocha nó an tacaíocht sin, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais, bunaithe ar chomhaontuithe idirnáisiúnta le Rialtas Chónaidhm na Rúise.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 3 nó 3a, laistigh de 2 sheachtain ó thugtar an t-údarú.’;

(11) in Airteagal 3(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach maoin iad atá faoi úinéireacht eintiteas atá faoi rialú poiblí nó eintiteas ina bhfuil sciar d’úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;’;

(12) in Airteagal 3a(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach maoin iad atá faoi úinéireacht eintiteas atá faoi rialú poiblí nó eintiteas ina bhfuil sciar d’úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;’;

(13) leasaítear Airteagal 4k mar a leanas:

(a) scriostar mír 3bb;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3bc:

‘3bc. Ón 26 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le ceannach nó allmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis chuig an Ungáir, ar choinníoll go mbeartaítear iad a úsáid go heisiach san Ungáir’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3bg. Maidir le mianta miotail, miotail, ceimiceáin, earraí gloine, ola ard agus páirteanna gluaisteáin áirithe, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú, go dtí an 25 Deireadh Fómhair 2026, na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Iúil 2026 ná na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(d) scriostar mír 3cg;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 3ch, 3h agus 4 den Airteagal seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh cuótaí rátaí taraife dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún.’;

(f) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘7. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na hítimí ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal sin a chinneadh.’;

(14) leasaítear Airteagal 4m mar a leanas:

(a) scriostar mír 3ak;

(b) i mír 5a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) earraí a thagann faoi chód AC 7615 10, cód AC 8414 51, cód AC 8414 60, cód AC 8422 30 agus cód AC 8423 10;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4g:

‘4g. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, onnmhairiú agus aistriú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8517 62 agus 8523 52, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 833/2014, a údarú, ar choinníoll go bhfuil siad beartaithe le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha agus nach maoin de chuid eintitis atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil os cionn 50 % de faoi úinéireacht phoiblí iad.’;

(15) in Airteagal 4o, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, amhola nó táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis, chomh maith le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, nó aon seirbhís ghaolmhar eile a sholáthar, tar éis dóibh an méid seo a leanas a shuí:

(a) go ndearna údarás Ballstáit na hearraí lena mbaineann a urghabháil nó a choigistiú le linn imeachtaí náisiúnta riaracháin nó breithiúnacha;

(b) go bhfanfaidh na hearraí lena mbaineann faoi rialú éifeachtach údarás Ballstáit nó eintitis atá ag gníomhú thar ceann na n-údarás sin le linn thréimhse coimeádta, bainistithe agus stórála na n-earraí, go dtí go bhféadfar iad a dhíol;

(c) nach mbeidh mar thoradh, go díreach nó go hindíreach, ar na hoibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) aon íocaíocht nó cur ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha chun tairbhe daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí Rúiseacha, ná chun tairbhe na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin atá bunaithe sa Rúis.’;

(16) in Airteagal 4oa, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú d’allmhaireoirí, faoi choinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, gan fianaise a sholáthar maidir le tír thionscnaimh na hamhola a úsáidtear chun an táirge a scagadh i dtríú tír dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, tar éis dóibh an méid seo a leanas a shuí:

(a) go bhfuil sé beartaithe go soláthróidh na táirgí peitriliam lena mbaineann réigiún forimeallach de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó tír nó críoch thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas de réir bhrí Airteagal 198 den Chonradh sin;

(b) de bharr na srianta sonracha geografacha, lóistíochtúla nó soláthair a bhaineann go sonrach leis na réigiúin, tíortha nó críocha sin, go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil baol ann go gcuirfear bac nó go gcuirfear isteach go mór ar sholáthar táirgí peitriliam; agus

(c) nach bhfuil aon fhoinse mhalartach ar fáil chun leanúnachas an tsoláthair don réigiún, tír nó chríoch lena mbaineann a áirithiú faoi dhálaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus go lóistíochtúil.’;

(17) leasaítear Airteagal 4p mar a leanas:

(a) i mír 6b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) maidir le hiompar, nó le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hiompar den sórt sin, i gcás na dtáirgí a luaitear i gCuid A d’Iarscríbhinn XII chuig na tríú tíortha a luaitear ann, don tréimhse atá sonraithe san Iarscríbhinn sin.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘13. Maidir leis an oibleagáid atá ar an gCoimisiún a leagtar amach i mír 12 den Airteagal seo, lena n-áirítear meánphraghas margaidh amhola na Rúise thar thréimhse 22 sheachtain a ríomh, mar aon le foilsiú fógra faoin meánphraghas margaidh sin agus an leasú ar Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 833/2014, cuirfear an méid sin ar fionraí ón 24 Iúil 2026 go dtí an 14 Iúil 2027.

14. Faoin 15 Eanáir 2027, ar bhonn measúnuithe praghais arna soláthar ag gníomhaireachtaí tuairiscithe údaraithe, ríomhfaidh an Coimisiún meánphraghas margaidh amhola na Rúise thar thréimhse 22 sheachtain dar tús an 25 Meitheamh 2026 agus tuairisceoidh sé an praghas nua-ríofa don Chomhairle.

Bunaithe ar an tuarascáil ón gCoimisiún, déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an gcaidhp phraghais agus féadfaidh sí cinneadh a dhéanamh maidir le togra comhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún chun Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú. Beidh feidhm ag an gcaidhp phraghais leasaithe ón gcéad lá den mhí tar éis mhí theacht i bhfeidhm an leasaithe sin ar Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

Mura ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh, fanfaidh an chaidhp phraghais is infheidhme i bhfeidhm.

Ón 15 Iúil 2027 ar aghaidh, cuirfear tús arís le cur i bhfeidhm an nós imeachta chun an chaidhp phraghais ar ola a leagtar amach i mír 12 den Airteagal seo a leasú.’;

(18) in Airteagal 4pb, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go ndéanfar amhola nó táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo a stóráil go sealadach agus a chur faoin nós imeachta maidir le saorlimistéar de bhun Airteagal 245(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, laistigh de chríoch an Aontais, más de thionscnamh na Rúise na hearraí nó más ón Rúis a onnmhairítear iad, tar éis dóibh an méid seo a leanas a shuí:

(a) go ndearna údarás Ballstáit na hearraí lena mbaineann a urghabháil nó a choigistiú le linn imeachtaí náisiúnta riaracháin nó breithiúnacha;

(b) go bhfanfaidh na hearraí lena mbaineann faoi rialú éifeachtach údarás Ballstáit nó eintitis atá ag gníomhú thar ceann na n-údarás sin.’;

(19) leasaítear Airteagal 4r mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an dáta ‘31 Nollaig 2027’ in ionad an dáta ‘31 Nollaig 2026’;

(b) i mír 1a, cuirtear an dáta ‘31 Nollaig 2027’ in ionad an dáta ‘31 Nollaig 2026’;

(c) i mír 2, cuirtear an dáta ‘31 Nollaig 2027’ in ionad an dáta ‘31 Nollaig 2026’;

(d) i mír 2a, cuirtear an dáta ‘31 Nollaig 2027’ in ionad an dáta ‘31 Nollaig 2026’;

(20) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘*Airteagal 4va*

1. Maidir le haon díol nó aon socrú eile lena ndéanann náisiúnach de chuid Ballstáit, duine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas aistriú úinéireachta soithigh tancaeir GNL a thagann faoi chód AC ex 8901 20 chuig aon tríú tír, tabharfar fógra faoi sin láithreach d’údaráis inniúla an Bhallstáit inar saoránach nó cónaitheoir é úinéir an tancaeir nó ina bhfuil úinéir an tancaeir bunaithe.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san fhógra a thabharfar don údarás inniúil:

(a) céannacht an díoltóra agus an cheannaitheora;

(b) i gcás inarb infheidhme, doiciméid chorpraithe an díoltóra agus an cheannaitheora, lena n-áirítear an scairsheilbh agus an bhainistíocht;

(c) uimhir aitheantais loinge IMO an tsoithigh; agus

(d) Glao-Chomhartha an tsoithigh.

2. Maidir leis an mBallstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhógra faoi mhír 1 laistigh de sheachtain ón bhfógra.

3. Ar bhonn measúnaithe ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis dá bhforáiltear faoi mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú faoin 25 Deireadh Fómhair 2026 ar cheart toirmeasc dá bhforáiltear i míreanna 4 go 9 a theacht i bhfeidhm.

4. Ón dáta a chinnfidh an Chomhairle faoi mhír 10, cuirfear toirmeasc ar aon náisiúnach de chuid Ballstáit, aon duine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas soithí tancaeir gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) a thagann faoi chód AC ex 8901 20 a dhíol, nó úinéireacht orthu a aistriú ar bhealach eile, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena úsáid sa Rúis.

5. I gcomhréir le mír 4, aon náisiúnach de chuid Ballstáit, aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air i mBallstát, agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus a dhíolann nó a aistríonn úinéireacht ar bhealach eile le daoine, eintitis agus comhlachtaí i dtríú tír, go díreach nó go hindíreach, ar shoithí tancaeir GNL a thagann faoi chód AC ex 8901 20, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí a bhaineann le hatreorú ar aghaidh chuig duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena úsáid sa Rúis, a shainaithint agus a mheasúnú;

(b) beartais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a chur chun feidhme, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (a).

6. Daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i mír 4 a fhaigheann soithí tancaeir GNL, soláthróidh siad an fhaisnéis uile is gá chun na céimeanna dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír sin a chur i gcrích.

7. Leis na céimeanna dá dtagraítear i mír 5, pointe (a), tabharfar aghaidh ar an bhfaisnéis ábhartha uile atá ar fáil tráth an díola nó an aistrithe.

8. Maidir le haon díol nó aon socrú eile lena ndéanann náisiúnach de chuid Ballstáit, duine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, aistriú úinéireachta soithigh tancaeir GNL a thagann faoi chód AC ex 8901 20 chuig aon tríú tír, beidh toirmeasc conarthach i scríbhinn ann ar an soitheach a athdhíol nó a aistriú a thuilleadh chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena úsáid sa Rúis.

9. Áireofar freisin sa socrú díolacháin nó sa socrú eile dá dtagraítear i mír 8 forálacha conarthacha i scríbhinn lena ndéanfaidh an páirtí tríú tír a fhaigheann an soitheach an méid seo a leanas:

(a) go ngeallann sé go ndéanfaidh sé aithris ar an toirmeasc i mír 8 in aon athdhíol nó aistriú breise a ghabhfaidh sé de láimh; agus

(b) go gcuirfidh sé de cheangal ar fhaighteoir an tsoithigh, in aon athdhíol nó aistriú breise, forálacha conarthacha i scríbhinn a chur san áireamh atá coibhéiseach leis na forálacha a cheanglaítear le mír 8 agus leis an mír seo.

10. Beidh feidhm ag míreanna 4 go 9 ó dháta theacht i bhfeidhm Cinnidh atá le glacadh ag an gComhairle, ar thogra ón Ardionadaí, bunaithe ar an measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún dá dtagraítear i mír 3.';

(21) in Airteagal 4wa, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 2 ná 3 den Airteagal seo maidir le hiompar ar shoitheach, nó le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hiompar den sórt sin, i gcás na dtáirgí a luaitear i gCuid B d’Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig na tríú tíortha a liostaítear inti, don tréimhse a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

5. Gan dochar do mhír 4, ní bheidh feidhm ag mír 1 go dtí an 25 Iúil 2027 agus ina dhiaidh sin le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha 1 bhliain amháin, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt tar éis athbhreithniú bliantúil a dhéanamh, maidir le haistrithe agus, i gcás inarb ábhartha, ceannacháin a bhaineann leis na haistrithe sin atá ceaptha do thríú tíortha i gcás ina bhforghníomhaítear an t-aistriú agus an ceannachán araon faoi na conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Feabhra 2022, ar conarthaí iad is faide ná 1 bhliain amháin agus nár leasaíodh ina dhiaidh sin, mura bhfuil an leasú teoranta don mhéid seo a leanas:

(a) cainníochtaí conraithe a ísliú;

(b) i gcás conarthaí ceannaigh, praghsanna agus táillí a ísliú;

(c) clásail rúndachta a leasú;

(d) nósanna imeachta oibriúcháin, mar shampla nósanna imeachta cumarsáide;

(e) athruithe ar sheoltaí na bpáirtithe conarthacha;

(f) aistrithe oibleagáidí conarthacha idir gnóthais chleamhnaithe;

(g) athruithe is gá de réir nósanna imeachta breithiúnacha nó eadrána; nó

(h) i gcás conarthaí ceannaigh, i gcás tíortha talamhiata, athruithe idir pointí seachadta náisiúnta.

Ní bheidh feidhm ag an díolúine shealadach ar an toirmeasc i mír 1 den Airteagal seo maidir le haistrithe GNL, mar a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo, ach i mbliain ar leith suas le méid bliantúil GNL de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairíodh ón Rúis in 2025 agus a d’aistrigh duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 13 faoi chonarthaí fadtéarmacha an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin atá ann cheana, mar a shonraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, gan beann ar a cheann scríbe. Déanfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a aistríonn GNL de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis chuig tríú tíortha na méideanna stairiúla ábhartha a thuairisciú d’údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe faoin 25 Lúnasa 2026, agus tuairisceoidh an Ballstát sin an fhaisnéis sin don Choimisiún gan moill mhíchuí.

Athbhreithneofar go rialta na bearta dá bhforáiltear sa mhír seo.

Faoin 25 Meitheamh 2027 agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún measúnú ar na bearta dá bhforáiltear sa mhír seo faoi bhráid na Comhairle. Féadfar an measúnú sin a chur isteach ar dháta níos luaithe i gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil údar cuí leis.

Ag gníomhú di ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin, athbhreithneoidh an Chomhairle ar bhonn bliantúil agus gan moill mhíchuí feidhmiú na mbeart dá bhforáiltear sa mhír seo, i bhfianaise a n-éifeachtaí eacnamaíocha agus chuspóirí an Chinnidh seo.

Tar éis a athbhreithnithe, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh, ar thogra ón Ardionadaí, an díolúine shealadach sa mhír seo a ghiorrú, síneadh a chur léi nó í a fhoirceannadh, agus éifeachtacht an toirmisc san Airteagal seo chomh maith le staideanna sonracha Ballstát áirithe agus imthosca eacnamaíocha na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 á gcur san áireamh.

Faoin 25 Lúnasa 2026 agus gach 3 mhí ina dhiaidh sin, tuairisceoidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, comhlachtaí agus eintitis dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a aistríonn nó a cheannaíonn GNL de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis chuig tríú tíortha i ndáil leis an aistriú sin, an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe i ndáil le gach loingsiú, de réir mar atá sé ar fáil, le haghaidh aistrithe nó ceannach a bhaineann leis an aistriú sin, agus tuairisceoidh an Ballstát an fhaisnéis sin don Choimisiún gan moill mhíchuí:

(a) uimhir thagartha lasta nó uimhir bhille luchta;

(b) uimhir IMO, ainm, stát brataí agus cineál iompróra an tsoithigh;

(c) dáta, calafort agus críochfort an luchtaithe agus an díluchtaithe;

(d) ceann scríbe;

(e) toirt arna luchtú agus arna díluchtú;

(f) fad an chonartha;

(g) luach conartha in aghaidh an lastais agus an t-ollioncam a bhaineann le gach lastas;

(h) ainm an cheannaitheora agus an tairbhí deiridh;

(i) ainm an díoltóra agus an lastóra.

Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún cosaint na faisnéise rúnda sin arna fáil de thoradh an Airteagal seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha.

Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a chuirfear ar fáil nó a mhalartófar de bhun an Airteagail seo a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ó thionscnóir na faisnéise rúnaicmithe sin.';

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4wb:

'Airteagal 4wb

Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, beidh toirmeasc ar sheirbhísí críochfoirt GNL a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá faoi úinéireacht níos mó ná 50 % nó atá á rialú, go díreach nó go hindíreach, ag saoránach de chuid na Rúise nó ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis.

Beidh toirmeasc ar chonarthaí a choinneáil ar bun a bhaineann le seirbhísí GNL atá toirmiscthe de bhun an Airteagail seo tar éis an 1 Eanáir 2027.';

(23) in Airteagal 4x(2), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(h) seirbhísí a sholáthar do shoithí arna n-ainmniú faoi phointí (a) go (g), amhail seirbhísí buncaeireachta agus seirbhísí tugaí; nó

(i) aistrithe ó long go long a dhéanamh le soithí arna n-ainmniú faoi phointí (a) go (h).’;

(24) in Airteagal 5d, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Cuirfidh na Ballstáit an Chomhairle an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis ar an eolas faoi aon chásanna ina sáraítear an oibleagáid i mír 1.’;

(25) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 5f

1. Diúltófar víosaí gearrfhanachta d’iarratasóiri atá ag fónamh, nó a bhí ag fónamh, ón 24 Feabhra 2022 i leith, ar dualgas gníomhach i bhFórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, nó in aon ghrúpa armtha paraimíleata, míleata-chleamhnaithe nó neamhrialta atá bainteach le rialtas na Rúise, atá faoi rialú rialtas na Rúise nó atá ag gníomhú faoi stiúir rialtas na Rúise, i gcás inar rannchuidigh na hiarratasóirí sin go díreach le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin trí oibríochtaí comhraic. Diúltófar iarratais ar an bhforas gur ann do bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach nó gur ann do bhagairt ar chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcásanna ina measann Ballstát gur gá teacht isteach nó idirthuras trína chríoch chun críoch daonnúil, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta, ná ní bheidh feidhm aige i leith iarratasóirí a chuireann fianaise dhochloíte i láthair gur easaontóirí iad nó gur thug siad cúl le cúis ó Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise nó ó aon cheann de na grúpaí dá dtagraítear sa mhír sin. Sna cásanna sin, eiseofar víosa a mbeidh bailíocht chríochach theoranta aige. Beidh víosa mar sin bailí do chríoch an Bhallstáit eisiúna. Féadfaidh sé a bheith bailí, go heisceachtúil, don chríoch de chuid níos mó ná Ballstát amháin, faoi réir thoiliú gach ceann de na Ballstáit sin.’;

3. Cuirfear mír 1 den Airteagal seo chun feidhme gan dochar do na rialacha agus do na nósanna imeachta a leagtar síos sa chreat rialála víosaí ábhartha, agus i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta sin, go háirithe i Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

4. Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón Ardionadaí, cinneadh maidir le teacht i bhfeidhm na mbeart a leagtar amach san Airteagal seo, ar choinníoll go ndearnadh na gníomhaíochtaí is gá lena bhféadfar na bearta sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i ndáil leis an gcreat rialála víosaí ábhartha.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/810/oj).’;

(26) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, bunaithe ar mheasúnú sonrach de réir an cháis, a údarú, go dtí an 31 Nollaig 2027, go gcomhlíonfar éileamh arna dhéanamh ag duine de na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a luaitear i mír 1, pointe (b), faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá le sásamh an éilimh le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh.’;

(27) in Airteagal 7a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Ní dhéanfar aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ná cinneadh cúirte nó riaracháin eile de bhun nó arna dhíorthú ó Airteagal 248.1 nó Airteagal 248.2 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise nó de bhun nó arna dhíorthú ó reachtaíocht Rúiseach choibhéiseach, nó arna thabhairt ag cúirt nó údarás Rúiseach de bhun aon dlí eile de chuid Chónaidhm na Rúise, ina gcuirtear dliteanas i leith duine dá dtagraítear in Airteagal 13, pointe (c) nó (d) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, cibé acu i gconradh nó i dtort nó ar aon bhonn dlíthiúil eile, nó lena dtugtar éifeacht, go díreach nó go hindíreach, d’aon éileamh, ceart nó oibleagáid líomhainte i gcoinne an duine sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs dócmhainneachta, féimheachta, athstruchtúraithe nó imeachtaí comhchosúla leo, i ndáil le haon chonradh nó idirbheart a ndéanann na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, a aithint, éifeacht a thabhairt dó nó a fhorfheidhmiú i mBallstát.’;

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8c:

‘*Airteagal 8c*

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar bhonn Airteagail 29 agus 30 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VIII, IX, X, XI, XIV, XVI, XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII, XXIII, XXIV, XXV, XXVI, XXVII, XXVIII, XXIX agus XXX a leasú.’;

(29) leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) Iarscríbhinn IV

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 581:

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
‘581.	SFT LLC Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью «СФТ» (ООО «СФТ») ar a dtugtar freisin: Limited Liability Company SFT; CFT; OOO SFT; Obshchestvo S Ogranichennoi Otvetstvennostyu SFT	Seoladh (seoltaí): 115114, Moscó, Zamoskvorechye Municipal District, Kozhevnicheskaya Str., 10, Building 1, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 995-71-08 Suíomh gréasáin: https://cftech.ru/ Ríomhphost: info@cftech.ru Uimhir chlárúcháin: 7725842590 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	18.12.2023’;

(b) cuirtear na heintitis seo a leanas léi:

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
‘922.	LLC NTK Ainm áitiúil: OOO HTK	Seoladh: Room 3, Building 1, Lenin Avenue 21, 428003 Cheboksary, Poblacht na Suvaise, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1215232483 (ANI)	24.7.2026
923.	Asialink Logistics LLC ar a dtugtar freisin: Aziyalink Logistics LLC; Asialink Shanghai Intl Logistics Co. Ltd Ainm áitiúil: ООО Азиялинк Логистикс	Seoladh/seoltaí: Office 250, Floor 3, Butlerova Str. 17, 117342 Moscow, Cónaidhm na Rúise; Office 229, Sheremetyevskoye Highway 6K, 141426 Khimki, Réigiún Mhoscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +8 800 222 75 52 Suíomh gréasáin: https://asi-log.com; https://asialink-logistics.com Ríomhphost: request@asi-log.com Uimhir chlárúcháin: 9728024860 (ANI)	24.7.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1849/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
924.	LLC Korvet SPB Ainm áitiúil: ООО Корвет СПБ	Seoladh: Office 79, Building B, Ivana Fomina Str. 6, 194295 Saint Petersburg, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 812 2143858 Suíomh gréasáin: http://corvetspb.ru Ríomhphost: info@corvetspb.ru Uimhir chlárúcháin: 7802537882 (ANI)	24.7.2026
925.	Pixel Devices Limited	Seoladh: 16/F, New Hennessey Tower, 263 Hennessey Road, Wanchai, Hong Cong Teileafón: +852 3959 8125 Suíomh gréasáin: http://pixel-devices.com Ríomhphost: info@pixel-devices.com Uimhir chlárúcháin: 2569276 (TRN); 68097356 (BRN)	24.7.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
926.	Mastel Makina Ithalat Ihracat Limited Sirketi	Seoladh/seoltaí: No. 9, Block A, Selenium Retro 9, Chobancheshme e5 No. 16/1, Atakoy 7-8-9-10 District, 34203 Bakirkoy, Istanbul, Poblacht na Tuirce; No. 18/20/1 Beyazit Mahallesi Kalcilar Sokak, 34126 Fatih, Istanbul, Poblacht na Tuirce Teileafón: +90 501 000 00 47 Suíomh gréasáin: https://www.mastelmakina.com Ríomhphost: info@mastelmakina.com Uimhir chlárúcháin: 145225-5	24.7.2026
927.	LLC TMK ar a dtugtar freisin: LLC Trademicrocomponent Ainm áitiúil: ООО ТМК; ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ ТРЕЙДМИКРОКОМПОНЕНТ	Seoladh: Room V, Office 25b, Building 13, Floor 8, Akademika Koroleva Str., Municipal District Ostankinsky, 129515, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 985 6823802 Suíomh gréasáin: www.tmc-msc.ru Ríomhphost: info.@tmc-msc.ru Uimhir chlárúcháin: 9717092033 (ANI)	24.7.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1849/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
928.	LLC KB LIS ar a dtugtar freisin: LLC CB Lis Ainm áitiúil: ООО КБ Лис	Seoladh: Office 511, 17 Vsevolozhsky Avenue, 188640 Vsevolozhsk, Réigiún Leningrad, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 812 2141287 Suíomh gréasáin: http://kblis.ru Ríomhphost: sales@kblis.ru Uimhir chlárúcháin: 4706059162 (ANI)	24.7.2026
929.	RLVT Tula ar a dtugtar freisin: LLC Russian Laboratory of Air Transport; Russian Air Transport Laboratory LLC; LLC Russkaya Laboratoriya Vozdushnogo Transporta Ainm áitiúil: ООО РЛВТ	Seoladh: Office 3, Building 3d, Ryazanskaya Str., 300026, Tula City, Réigiún Tula, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 953 9599991 Ríomhphost: company@ovod71.ru Uimhir chlárúcháin: 7100027464 (ANI); 1227100012369 (OGRN)	24.7.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
930.	OKB Astron ar a dtugtar freisin: OKB Astron JSC; JSC Optical and Mechanical Design Bureau Astron; AO OKB ASTRON Ainm áitiúil: АО ОКБ Астрон	Seoladh/seoltaí: Room 3, Artema Str. 2b, 283086 Donetsk City, Donetsk Temporarily Occupied Territory, Ukraine; Parkovaya St. 1, 140080 Lytkarino, Réigiún Mhoscó, Cónaidhm na Rúise Telephone(s): +7 495 2151382; +7 495 2151379 Suíomh gréasáin: https://astrohn.ru/ Ríomhphost: info@astrohn.ru Uimhir chlárúcháin: 5027224977 (ANI)	24.7.2026
931.	Xiefeng (HK) Int'l Electronics Ltd. Ainm áitiúil: 攜豐(香港)國際電子有限公司	Seoladh: Room A, 3/F, Wing Tat Commercial Building, 121-125 Wing Lok Str., Sheung Wan, Hong Cong Uimhir chlárúcháin: 37624249 (BRN); 1108242 (TRN)	24.7.2026
932.	Corp-Link International Forwarding Ltd. Ainm áitiúil: 聯盈國際物流有限公司	Seoladh: Flat A1, 2/F Wing Cheung Industrial Building, 58-70 Kwai Cheong Road, Hong Cong Suíomh gréasáin: www.corplink-logistics.com Uimhir chlárúcháin: 50664436 (BRN); 1336155 (TRN)	24.7.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
933.	Dalian Unimatic Trading Co. Ltd. ar a dtugtar freisin: Dalian Youmante Trading Co. Ltd Ainm áitiúil: 大连尤曼特贸易有限公司	Seoladh: Room 321-01, 3rd Floor, No. 199 Zhuangda Road, Changsheng Str., Zhuanghe City, Dalian City, Liaoning Province, Daon-Phoblacht na Síne Uimhir chlárúcháin: 91210283MAC567EQ70 (USCC)	24.7.2026
934.	Altegrity LLC Ainm áitiúil: ООО Альтегрити	Seoladh: Office 1TS, Building 11, 4th Magistralnaya Str., Khoroshevsky Municipal District, 123308 Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 9847144 Uimhir chlárúcháin: 7716619740 (ANI); 5087746394269 (OGRN)	24.7.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
935.	Shenzhen Yilian Technology Development Co. Ltd Ainm áitiúil: 深圳市易连科技开发有限公司	Seoladh: Floor 6, Building 5, Rundongsheng Industrial Zone 467, Xixiang Section of National Highway 107, Longteng Community, Xixiang Subdistrict, Bao'an District, 518100 Shenzhen, Guangdong Province, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 13392854255 Suíomh gréasáin: https://www.e-lines.cn/ Ríomhphost: info@e-lines.cn Uimhir chlárúcháin: 91440300061413490Q (USCC)	24.7.2026
936.	KCONE International Trade Ltd. Ainm áitiúil: 鯤宸國際貿易有限公司	Seoladh: Room 101A, 1/F Genplas Industrial Building, 56 Hoi Yuen Road, Kwun Tong, Kowloon, Hong Cong Uimhir chlárúcháin: 75088396 (BRN); 3256373 (TRN)	24.7.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1849/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
937.	Alfatrex Dis Ticaret Limited Sirketi	Seoladh: Ataköy 7. 8. 9. 10. Kısım Mahallesi, Çobançeşme E5 Yanyol Caddesi, No:22/1, Nef22 A Blok, Daire No: 227, 34158 Bakırköy, Istanbul, Poblacht na Tuirce Suíomh gréasáin: www.alfatrex.com.tr Uimhir chlárúcháin: 411319-5	24.7.2026
938.	Guangzhou Feiren Logistics Co. Ltd. ar a dtugtar freisin: Feiren Logistics (Guangzhou) Co. Ltd Ainm áitiúil: 广州市飞仁物流有限公司	Seoltaí: Room 106, 1st Floor, Dishen Warehouse, No. 221 Tongjia Road, Tongde Str., Baiyun District, 510405 Guangzhou, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 36513456 Uimhir chlárúcháin: 91440101687679653R (USCC)	24.7.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
939.	LLC Exima MSK ar a dtugtar freisin: Eksima MSK Ainm áitiúil: ООО ЭКСИМА МСК	Seoladh: Apartment 64, Building 1, Gorbunova Str. 17, Mozhaisky Municipal District, 121596 Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 5454686 Suíomh gréasáin: https://exima-msk.com/ Ríomhphost: info@exima-msk.com Uimhir chlárúcháin: 9731097379 (INN), 1227700483350 (OGRN)	24.7.2026
940.	Newton-ITM LLC ar a dtugtar freisin: Nyuton-ITM; Neyuton ITM; LLC Neyuton ITM; Engineering Center SDM LLC Ainm áitiúil: ООО Ньютон-Итм	Seoladh/seoltaí: Room 4N/3, Office 303, Building 31, Mira Avenue 102, 129626, Moscow, Cónaidhm na Rúise Workshop 11a, Tsentralnaya Str., 81 Novoseltsovo Village, Mytishchi, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 280 05 88 Suíomh gréasáin: https://www.newton-itm.com/ Ríomhphost: newton-itm@newton-itm.com; info@newton-itm.com Uimhir chlárúcháin: 5032295067 (ANI)	24.7.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
941.	JSC Elekond ar a dtugtar freisin: JSC Elecond Ainm áitiúil: АО Элекон д	Seoladh: Kalinina Str. 3, 427968 Sarapul, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 341 4729989; +7 341 4729977 Suíomh gréasáin: https://elecond.ru/ Ríomhphost: elecond-market@elcudm.ru Uimhir chlárúcháin: 1827003592 (ANI)	24.7.2026
942.	LLC Uralshina ar a dtugtar freisin: LLC Ural Tire Plant; Uralskii Shinnyi Zavod Ainm áitiúil: ООО Уралшина	Seoladh: Building 76, Blagodatskaya Str., Yekaterinburg, 620087, Réigiún Sverdlovsk, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 343 2641200; +7 343 2641256; +7 343 2641119 Suíomh gréasáin: https://uralshina.ru/ Ríomhphost: shina@uralshina.ru; sbit@uralshina.ru; snab@uralshina.ru; rabota@uralshina.ru Uimhir chlárúcháin: 6674134107 (ANI)	24.7.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
943.	LLC Metall Service Ainm áitiúil: ООО Металл Сервис	Seoladh: Apartment 1, 60 Eletskaya Str., Tambov, 392009, Réigiún Tambov, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 800 200 68 21 Suíomh gréasáin: https://mc24.ru/ Ríomhphost: info@mc24.ru Uimhir chlárúcháin: 6829008267 (ANI)	24.7.2026
